Gnéas níos sábháilte, Tástáil VEID, Sifilis, GGT agus eolas maidir le PEP sa Teanga seo d'Fhir a mbíonn Gnéas acu le Fir

Gallbholgach, Eolas tábhachtach

aiteach, nó fear a bhíonn caidreamh
tá sé seo ceaptha duitse

D'fhoilsigh Togra Sláinte na bhFear Bán an bunleagan i 2009

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

A GHN translation project funded by Social Inclusion, HSE

Gallbholgach, Eolas tábhachtach

Aerach, déghnéasach, aiteach, nó fear a bhíonn caidreamh collaí aige le fir eile tá sé seo ceaptha duitse

Is é atá i ngallbholgach ná ionfhabhtú trom gnéas-tarchurtha ar féidir a leigheas go héasca má bhraitear go luath é trí thástáil fhola shimplí. In Éirinn agus i dtíortha eile bíonn gallbholgach coitianta go leor i measc fear a bhíonn caidreamh collaí acu le fir eile. Féadann tú gallbholgach a aistriú nó a fháil má tá tú gníomhach go gnéasach, is cuma cén aois atá ort, cén chine, aicme nó creideamh a mbaineann tú leis agus is cuma má úsáideann tú tithe tábhairne, clubanna, sabhnaí, ceantair chrúiseála, fógraí pearsanta nó an t-idirlíon chun bualadh le fir eile le haghaidh gnéis. Cuirfidh an bhileog seo eolas ar fáil duit ar ghallbholgach a chosc, ar na hairíonna a bhaineann leis, ar thástáil lena aghaidh agus ar é a chóireáil.

Cad is Gallbholgach ann?

A : Is é atá i ngallbholgach (baictéar) ná ionfhabhtú gnéas-tarchurtha.

Q : Conas a aistrítear Gallbholgach?

A: Gnéas béil neamhchosanta (diúl nó béal le himeall)
Gnéas Tóna nó Faighne neamhchosanta
Méara nó lámha a úsáid
Freisin is féidir é a aistriú trí theagmháil dhíreach le cneá nó gríos agus ní gnách go mbeadh malartú sreabhán coirp i gceist leis. Ciallaíonn sé sin ná nach gá go mbeifeá á chosaint i gcoinne gallbholgaí trí ghnéas sábháilte ó thaobh VEID de. D’fhéadfadh go ndéanfaí an baol a laghdú trí choiscíní a úsáid. Ní féidir gallbholgach a fháil trí theagmháil réchúiseach, gléasanna, éadaí, cláir leithris, linnte snámha ná sabhnaí.

Q: Cad iad na comharthaí agus na hairíonna a bhaineann le Gallbholgach?

A: I gcás 50% de dhaoine a mbíonn ionfhabhtú orthu ní thaispeántar aon airíonna ach fós féin d’fhéadfaidís gallbholgach a aistriú.
Céim 1 (gallbholgach príomhúil); is é atá i gceist ná go dtagann cneá de chineál othrais (nach mbíonn pianmhar) chun cinn (tugtar seancar air), agus féadann sé teacht chun cinn idir 10 go 90 lá tar éis an ionfhabhtaithe. Is gnách go dtagann leigheas air leis féin (sé sin go n-imíonn sé) i gcaitheamh thart ar aon mhí amháin. D’fhéadfadh go mbeadh an cneá seo ar do bhléin, do bhod, nó taobh istigh de d’anas (nó d’fhaighne), nó taobh istigh de do bhéal nó thart air.

Céim 2 (gallbholgach tánaisteach); tá go leor comharthaí agus airíonna ag baint leis, mar fhiabhras, tinneas cinn, cailliúint ghruaige agus pianta matán, ach is gnách go mbíonn gríos aon áit ar do chorp, is minice go bhfeictear é ar do lámha agus ar bhoinn do choirp. Arís eile is gnách go dtagann leigheas air seo leis féin.

Céim 3 (gallbholgach folaigh agus treasach); tar éis céim 2 éiríonn gallbholgach suanach (bíonn sé i bhfolach). D’fhéadfadh nach dtiocfadh aon comharthaí chun cinn ar feadh na mblianta, acu mura ndéantar é a chóireáil féadann sé dochar trom a dhéanamh do do shláinte. Má bhíonn gallbholgach ort ar feadh breis is dhá bhliain ní féidir é a aistriú a thuilleadh, féadann tú éirí tinn níos déanaí áfach, le fadhbanna croí, scamhóige nó inchinne, agus d’fhéadfá báis a fháil dá bharr. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go ndéanfá a ionfhabhtú le gallbholgach arís tar éis dhá bhliana má bhíonn tú gníomhach go gnéasach agus gur féidir é sin a aistriú.
Má tá tú VEID-dearfach d’fhéadfadh go mbeadh cuma dhifriúil ar ghallbholgach i gcomparáid leis an gcuma a bhíonn air i gcás iad siúd atá VEID-diúltach, agus

d’fhéadfadh go dtógfadh sé níos faide é a chóireáil.

Ach níl aon airíonna orm!

A: Ní gá go mbeadh airíonna ort. I gcás suas go 50% de dhaoine atá ionfhabhtaithe le gallbholgach ní thaispeántar aon airíonna, ach fós féin is féidir iad a aistriú chuig daoine eile i rith gnéis.

Q: Mar sin conas a gheobhaidh mé amach an bhfuil sé orm?

A: Tástáil Fhola shimplí. Is féidir gallbholgach a bhrath go héasca trí thástáil fhola a fháil le haghaidh na n-antasubstaintí . I roinnt cásanna (ag Clinic IGT/GUM) is féidir é a bhrath go héasca trí shreabhán as cneácha a scrúdú faoin micreascóp.

Cad a tharlóidh má bhíonn toradh dearfach ar mo thástáil fhola le haghaidh Gallbholgaí?

A: Is féidir é a chóireáil le hantaibheathaigh shonracha. Chun cinntiú go bhfuil an tionfhabhtú imithe d’fhéadfadh go mbeadh gá le go leor cuairteanna ar an gclinic ina dhiaidh.

Nuair a bheidh cóireáil faighte agam an féidir é a fháil arís?

A: Is féidir. Fiú nuair a bheidh cóireáil faighte agat is féidir gallbholgach a fháil arís, trí chaidreamh collaí a bheith agat le duine ionfhabhtaithe.
Cad a tharlóidh má bhíonn toradh diúltach ar mo thástáil fhola?
A: Togha! Ach d’fhéadfadh go mbeadh ort tástáil a fháil arís i gceann trí mhíosa. Féadann sé suas go 2 go 90 lá a thógáil (an t-idirtréimhse) sula dtaispeántar antasubstaintí gallbholgaí san fhuil. Sin an fáth go moltar tástáil a fháil le haghaidh gallbholgaí uair amháin nó dhá uair in aghaidh na bliana.

An leor tástáil amháin?

A: Ní leor. Más fear tú atá gníomhach go gnéasach agus páirtithe éagsúla agat moltar duit tástáil a fháil uair amháin nó dhá uair in aghaidh na bliana.

Cad faoi Ghallbholgach agus VEID?

A: Má tá gallbholgach ort d’fhéadfadh go mbeadh sé níos éasca VEID a fháil. Má tá VEID ort agus má fhaigheann tú gallbholgach d’fhéadfadh go mbeadh cuma dhifriúil air i gcomparáid leis an gcuma a bheadh air i gcás iad siúd nach bhfuil VEID orthu.
Ba cheart a thabhairt faoi deara má tá VEID ort agus má fhaigheann tú gallbholgach gur féidir VEID a aistriú níos éasca chuig páirtí gnéis. Tá sé tábhachtach na treoirlínte um ghnéas sábháilte a leanúint is cuma má tá tú VEID-dearfach nó mura bhfuil.

Conas is féidir a chinntiú nach bhfaighidh mé Gallbholgach?

A: Má bhíonn páirtí gnéis rialta amháin agat, agus má tá sé aontaithe agaibh gan caidreamh collaí a bheith agaibh le daoine eile, agus má fuair an bheirt agaibh toradh diúltach ar thástáil le haghaidh gallbholgaí.

Taitníonn sé liom caidreamh collaí a bheith agam le daoine éagsúla mar sin cad is féidir liom a dhéanamh?

A: Bíonn sé éasca gallbholgach a fháil nó a aistriú ó fiú páirtí gnéis amháin. Dá mhó páirtithe gnéis a bhíonn agat, áfach, is mó an seans go bhfaighidh tú é. Mar sin is féidir na seansanna a laghdú trí:
Coisciní a úsáid le haghaidh gnéis tóna (agus faighne)
Coiscíní a úsáid le haghaidh gnéis béil (bain triail as na cinn a bhfuil blas orthu)
Bréagáin ghnéis a ní sula n-úsáidtear iad agus tar éis dóibh a úsáid
Coiscíní a úsáid le haghaidh teagmháil béil le himeall, trí é a ghearradh agus cearnó a dhéanamh de.
Lámhainní laitéise a úsáid le haghaidh teagmhála le méara nó leis an dorn Tá sé tábhachtach

cuimhneamh go bhféadfadh go mbeadh an cneá agus an gríos gallbholgaí in áiteanna nach mbíonn clúdaithe ag coiscíní agus mar sin nach féidir cosaint iomlán a fháil ina choinne.

Seiceáil le haghaidh cneácha neamhghnácha ar do bhéal, bod nó anás féin agus le haghaidh silte uathu agus déan an rud céanna i gcás do pháirtí. Mura bhfuil tú cinnte, éirigh as caidreamh collaí agus faigh seiceáil ag clinic IGT/GUM chomh luath agus is féidir. Léigh eolas ar shláinte ghnéasach agus ar ghnéas sábháilte atá dírithe ar fhir a bhíonn caidreamh collaí acu le fir, déan teagmháil leis an ngrúpa áitiúil ar shláinte daoine aeracha, nó le láithreán gréasáin nó lasc-chlár.

Cá háit ar féidir tástáil a fháil?

A: Ag an gClinic Seirbhísí Sláinte um Fir Aeracha (GMHS) i mBaile Átha Cliath nó an Clinic um Fir Aeracha i mBéal Feirste nó ag an gclinic IGT/GUM i do cheantar áitiúil, féach na liostuithe ar an leathanach nasc:

GMHS Clinic (buail isteach)
19 Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4
Dé Máirt agus Dé Céadaoin 5.30i.n. go 7.30i.n.
Teil: 01-6699553 nó SMS 087-941 0934

An Clinic um Fir Aeracha (buail isteach nó déan coinne)
Royal Victoria Hospital,
Bóthar na bhFál, Béal Feirste
Déardaoin 5.00i.n. go 7.00i.n. Teil: 028 90-634050

Chun tuilleadh eolais a fháil ar ghallbholgach Déan Teagmháil le:

GMHS 01 873 952
SGMHP 021 427 8470
The Rainbow Project 028 90 319 030 (048 ó Phoblacht na hÉireann)
The Rainbow Project 028 71 283 030 (048 ó Phoblacht na hÉireann)
Saorghlao VEID agus Drugaí
Poblacht na hÉireann: 1800 459 459
Tuaisceart Éireann: 0800 137 437